| | |
|---|---|
| **Teideal na Cáipéise:** | Seirbhís Míchumais - Fógra maidir le Príobháideachas |
| **Cur Síos:** | Ráiteas é seo faoi chleachtais na Seirbhíse Míchumais in Institiúid Oideachais Marino, i ndáil le sonraí pearsanta a ghabháil ar MAESTRO, an Córas Bainistíochta Taifead Mac Léinn de chuid MIE. |
| **Údar (Post):** | An tSeirbhís Míchumais |
| **Leagan:** | 1 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# Seirbhís Míchumais - Fógra maidir le Príobháideachas

## 1. Réamhrá

Ráiteas é seo faoi chleachtais na Seirbhíse Míchumais in Institiúid Oideachais Marino, i ndáil le sonraí pearsanta a ghabháil ar MAESTRO, an Córas Bainistíochta Taifead Mac Léinn de chuid MIE. Roinntear an fhaisnéis go léir a bhaineann le mic léinn atá cláraithe le Seirbhís Míchumais MIE le Soláthraí Leibhéal Seirbhíse MIE, an tSeirbhís Míchumais de chuid Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (a dtagrófar dó i ndiaidh anseo mar Choláiste na Tríonóide).

Tá meas iomlán ag an Institiúid ar do cheart chun príobháideachais agus féachann sí i gcónaí chuig cearta príobháideachais na ndaoine a roinneann faisnéis leis an Institiúid[1] a chaomhnú. Déileáilfear le haon fhaisnéis a thabharfaidh tú don Institiúid leis na caighdeáin is airde slándála agus rúndachta, i gcomhréir le reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa maidir le Cosaint Sonraí[2]. Ón 25 Bealtaine 2018, próiseálfaimid do chuid sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta ar Chosaint Sonraí (AE) 2016/679.

Mínítear an méid seo a leanas sa ráiteas faoi phríobháideachas

- An chaoi a mbailíonn agus a n-úsáideann an Institiúid do chuid sonraí pearsanta
- An cuspóir agus an bonn dlíthiúil le do chuid sonraí pearsanta a bhailiú
- An chaoi a stórálann an Institiúid agus a gcosnaíonn an Institiúid do chuid sonraí pearsanta
- Sonraí faoi thríú páirtithe a roinneann an Institiúid sonraí pearsanta leo
- Na cearta atá agat

## 2. An Chaoi a mbailímid agus a n-úsáidimid do chuid Sonraí Pearsanta

Ní úsáidfidh an Institiúid na sonraí pearsanta a bhaileoimid uait ach ar na cúiseanna dlíthiúla atá leagtha amach sa ráiteas príobháideachais seo.

Ní bhaileofar sonraí pearsanta ach ar an mbealach seo a leanas:

Formáid leictreonach - nuair a chláraíonn tú ar líne le Seirbhís Míchumais MIE, a chuirtear ar fáil i gcomhar le Seirbhís Míchumais na Tríonóide, déantar do chuid sonraí pearsanta a bhaineann le do mhíchumas díreach chuig MAESTRO, an Córas Bainistíochta Taifead Mac Léinn de chuid MIE.

Ní nochtfar sonraí pearsanta do bhaill foirne eile de chuid na hInstitiúide ach nuair is gá é chun gur féidir leo an tacaíocht a thugtar duit a chur i bhfeidhm, a fheabhsú nó a athbhreithniú agus sin an méid a iarrtar ort a cheadú nuair a chláraíonn tú leis an tSeirbhís

[1] Féach ar Bheartas Príobháideachais MIE

[2] Féach ar an mBeartas ar Chosaint Sonraí, an Reachtaíocht ar Chosaint Sonraí, 2018 agus an

Míchumais. Coimeádtar sonraí pearsanta chun meas cibé acu an cuí freastal réasúnta a dhéanamh agus/nó nádúr an fhreastail réasúnta atá le déanamh.

Roinnfear na sonraí leis na réimsí seo a leanas den Institiúid agus úsáidfear iad le haghaidh na gcuspóirí atá leagtha amach thíos:

| Réimse de MIE lena roinnfear | Cuspóir leis na Sonraí a Roinnt |
|---|---|
| Oifig an Chláraitheora (lena n-áirítear) | Chun déanamh cinnte go ndéantar freastal réasúnta ort mar a aithníodh duit |
| Seirbhísí Cóiríochta | Moladh i gcomhair seomraí má dhéanann tú iarratas ar chónaí in Áit Chónaithe MIE faoi scéim na leapacha de réir na Scéime um Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE)[3]. |
| Ciste Sóisialta na hEorpa do Mhic Léinn | Iarratas ar thacaíocht airgeadais ar do shon[4] |
| An Leabharlann | Chun cur ar do chumas leas a bhaint as pribhléidí iasachta breise[5] |
| Maoirseoir Socrúchán[6] | Chun déanamh cinnte go bhfaighidh tú an leibhéal cuí de fhreastal réasúnta atá aitheanta sa Mheasúnú Riachtanas. Áit a bhfuil socrúcháin sheachtracha ina ngné lárnach den chúrsa, féadfaidh mac léinn cead a thabhairt an tuairisc Achoimre ar Riachtanais Oideachais um Fhoghlaim Socrúcháin (AROFS) a roinnt. |
| An Rannóg TF | Creidmheas Priontála - Uimhir mhic léinn seolta chuig an Rannóg TF chun rochtain a thabhairt |
| Oifigeach Sábháilteachta na hInstitiúide | Chun Plean Pearsanta um Aslonnú Éigeandála a chruthú le cinntiú go dtacaítear le do chuid riachtanas i gcás aslonnú éigeandála[7] |
| Foireann na Scoile agus na Roinne | Cuirtear d'Achoimre ar Riachtanais Fhoghlama agus Oideachais (ARFO) ar fáil d'fhoireann na Roinne |
| Seirbhís Chomhairliúcháin agus Seirbhís Sláinte MIE Seirbhís | Roinntear d'ainm, d'uimhir mhic léinn agus d'incháilitheacht i gcomhair Chiste Sóisialta na hEorpa do Mhic Léinn faoi Mhíchumas chun déanamh cinnte go bhfaighidh tú an tacaíocht chuí nuair a atreorófar tú le haghaidh na dtacaí sin |
| An tSeirbhís Comhdhálacha – Locar | Chun déanamh cinnte go bhfaighidh tú áiseanna locair mar ata aitheanta i do ARFO |
| Teagascóir MIE[8] | Chun déanamh cinnte go ndéantar freastal réasúnta ort mar a aithníodh duit |

3 Féach ar Bheartas Cóiríochta DARE
4 Féach ar An gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn
5 Féach ar an mBeartas maidir le Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí
6 Féach ar an mBeartas um Meantóireacht do Mhic Léinn ar Shocrúcháin Scoile
7 Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta (Foirm PEEP)
8 Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

| | |
|---|---|
| Gairmithe seachtracha e.g. Dochtúirí, síceolaithe oideachais, Foireann meabhairshláinte pobail | Chun faisnéis nó comhairle bhreise a chur ar fáil faoi na tacaí a theastaíonn[9]. |
| Baill teaghlaigh nó iarmhúinteoirí nó foireann tacaíochta | D'fhéadfadh go mbeifeá ag iarraidh go labhróimis le baill teaghlaigh nó le gairmithe eile a thug tacaíocht duit san am atá thart. Iarraimid ort ainmneacha agus sonraí teagmhála na ndaoine sin a shonrú. Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir linn do chuid sonraí pearsanta ná do chuid riachtanas tacaíochta san Institiúid a nochtadh ach **má cheadaíonn tú iad a nochtadh**[10] agus má táimid ainmnithe agat dúinn ar an bhfoirm MIE um 'Toiliú maidir le Faisnéis Míchumais a Nochtadh'. |

Nuair a roinnimid do chuid sonraí pearsanta leis na páirtithe atá sonraithe anseo, déanfaidh an Institiúid cinnte nach bpróiseálfar na sonraí ach de réir ár gcuid treoracha sonracha agus go gcloífear leis na caighdeáin chéanna rúndachta agus slándála. Nuair a bheidh na sonraí pearsanta próiseáilte, ceanglófar ar aon tríú páirtithe ar roinneadh sonraí leo na sonraí a fhilleadh ar an Institiúid, ach amháin sa chás go gceanglaítear orthu iad a choinneáil de réir an dlí.

## 3. An Cuspóir agus an Bonn Dlíthiúil le Sonraí Pearsanta a Bhailiú

Úsáidfear na sonraí pearsanta a bhaileoimid chun freastal réasúnta a dhéanamh ar mhic léinn atá cláraithe leis an tSeirbhís Míchumais mar a aithníodh leis an bpróiseas um measúnú riachtanas mar gurb é sin an t-aon bhealach go bhfaighidh mic léinn an freastal réasúnta i MIE.[11]

## 4. Cuspóir

Úsáidfear na sonraí pearsanta a bhaileoidh an Institiúid le cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm an freastal réasúnta atá cuimsithe sa tuarascáil AFOS.

## 5. Bonn Dlíthiúil

Is é an bonn dlíthiúil le sonraí pearsanta a bhailiú ná ár gcuid dualgas a chomhlíonadh faoin Rialachán Ginearálta ar Chosaint Sonraí (GDPR)[12], faoin Acht Míchumais, 2005, faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 (mar atá leasaithe) agus faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (mar atá leasaithe)[13].

Déanfaidh an Institiúid cinnte go bpróiseálfar sonraí pearsanta go cóir agus go dlíthiúil aon

[9] Féach ar Bheartas Meabhairshláinte
[10] Féach ar Thoiliú maidir le Faisnéis Mhíchumais a Nochtadh agus a Roinnt
[11] Féach ar an gCód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais
[12] Féach ar an mBeartas ar Chosaint Sonraí, an Reachtaíocht ar Chosaint Sonraí, 2018 agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí 95/46/CE
[13] Féach freisin ar Fhostú Daoine faoi Mhíchumais

dul le prionsabail na cosanta sonraí[12]. Le haghaidh na gcuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas príobháideachais seo próiseálfar do chuid sonraí ar bhonn an toiliú fheasaigh. Nuair a chláraíonn tú leis an tSeirbhís Míchumais tugtar eolas sonrach duit faoi na sonraí pearsanta a bhailímid agus faoin gcaoi a n-úsáidfear iad, i gcomhréir le Foirm Eolais 'MIE um Thoiliú Míchumas a nochtadh' - féach ar Aguisín 1.

## 6. Toiliú

Féadfaidh tú do thoiliú do chuid faisnéise a nochtadh a tharraingt siar uair ar bith. Chun do thoiliú a tharraingt siar, iarraimid ort a chur in iúl dúinn i scríobh go bhfuil tú chun do thoiliú a tharraingt siar; is féidir é sin a dhéanamh trí scríobh chuig access@mie.ie[14].

Chun clárú leis an Seirbhís Míchumais, ní mór duit rochtain a fháil ar an gcóras ar líne um chlárú míchumais, trí MAESTRO, agus d'ainm úsáideora agus do phasfhocal uathúil á n-úsáid.

Cuirtear eolas iomlán maidir le bailiú agus úsáid do chuid sonraí ar fáil duit le linn cláraithe. Ní mór duit 'Foirm MIE um Thoiliú Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Roinnt' a léamh.

Má theastaíonn freastal réasúnta uait i MIE, ní mór duit a dhearbhú gur léigh tú 'Foirm MIE um Thoiliú Míchumas a Nochtadh agus a Roinnt' a léamh agus toiliú don fhaisnéis trí tic a chur le 'Sea'.

Freisin cuirfear in iúl duit mura n-aontóidh tú leis na pointí atá leagtha amach i 'Foirm Eolais MIE um Thoiliú Faisnéis faoi Mhíchumas a Nochtadh agus a Roinnt' nach mbeidh tú in ann clárú go hiomlán leis an tSeirbhís Míchumais agus cuirfidh sé sin moill le d'iarratas ar fhreastal réasúnta a fháil.

I gcás go mbeadh aon cheisteanna agat faoi 'Foirm MIE um Thoiliú maidir le Faisnéis Míchumais a Nochtadh agus a Roinnt' iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le ball foirne ón tSeirbhís Míchumais le haghaidh níos mó eolais.

## 7. An Chaoi a Stórálaimid agus a gCosnaímid Sonraí Pearsanta

Stórálfar go rúnda agus go sábháilte aon sonraí pearsanta a bhaileoimid. Tá an Institiúid geallta chun cinntiú go mbíonn rochtain ar, úsáid agus próiseáil shonraí na hInstitiúide slán sábháilte.

I gcomhréir leis na prionsabail um chosaint sonraí, ní stórálfaimid sonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá.

Le haghaidh na gcuspóirí a bhfuil cuntas tugtha orthu thíos, stórálfaimid do chuid sonraí go sábháilte, mar seo a leanas:

a. Taifid/cáipéisí páipéir – stóráilte go sábháilte i gcaibinéad comhad a bhíonn faoi ghlas

[14] Féach ar Thoiliú maidir le Faisnéis Mhíchumais a Nochtadh agus a Roinnt

b. Taifid leictreonacha: Stóráiltear ar MAESTRO (maestro.mie.ie) na cáipéisí míchumais go léir a chuireann tú ar fáil agus ní bhíonn siad ar fáil ach duit féin agus don tSeirbhís Míchumais. Stóráiltear nótaí faoi gach idirghníomhú ar bhunachar sonraí na Seirbhíse Míchumais, agus bíonn rochtain teoranta do bhaill foirne údaraithe ón tSeirbhís Míchumais agus ó Oifig an Chláraitheora.

c. Do chuid sonraí a choimeád ar feadh 7 mbliana tar éis bhronnadh céime, i gcomhréir le Beartas Bainistíochta Taifead na hInstitiúide. Ansin scriosfar go sábháilte iad.

d. d. Ní bheidh ainm curtha le faisnéis staitistiúil arna mbailiú chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an tSeirbhís Míchumais.

e. e. Coimeádfar faisnéis faoi Chiste Sóisialta na hEorpa ar feadh 7 mbliana ar a lú agus suas le 16 bliana ag brath ar cheanglais Chiste Sóisialta na hEorpa.

Nuair a stórálann an Institúid do chuid sonraí pearsanta ar MAESTRO, stórálfar na sonraí ar fhoirgneamh na hInstitiúide nó ar ardáin slána TF sa Limistéar Eacnamaíoch Eorpach, ach atá faoi réir cheanglais cosanta sonraí na hEorpa[15].

## 8. Cad iad do Chearta?

Tá na cearta seo a leanas agat maidir leis an mbealach ina stórálaimid do chuid sonraí pearsanta.

## 9. Ceart Rochtana

Tá an ceart agat chun cóip a iarraidh de na sonraí pearsanta a bhfuilimid ag próiseáil fút agus chun an ceart sin a chleachtadh gan deacracht agus ag eatraimh ama réasúnta.

## 10. Toiliú

Tá an ceart agat chun do thoiliú a tharraingt siar áit a bhfuil sé sin mar bhonn dlíthiúil dár bpróiseáil[16].

## 11. Ceartú

Tá an ceart agat chun cur faoi deara aon nithe míchruinne i sonraí pearsanta atá againn fút a cheartú.

## 12. Scriosadh

Tá an ceart agat chun cur faoi deara do chuid sonraí pearsanta a scriosadh áit nach bhfuil aon údar againn lena gcoimeád ach amháin i gcás díolúintí mar úsáid sonraí anaithnid um thaighde eolaíoch.

[15] Féach ar an mBeartas ar Chosaint Sonraí, an Reachtaíocht ar Chosaint Sonraí, 2018 agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí 95/46/CE
[16] Féach ar Thoiliú maidir le Faisnéis Mhíchumais a Nochtadh agus a Roinnt

## 13. Cur i gCoinne agus Srianadh

Tá an ceart agat chun cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí nó í a shrianadh más amhlaidh:

- Go bhfuil an phróiseáil bunaithe ar leas an phobail nó go bhfuil sé ceaptha chun leas a mbeifí ag súil leis a oibriú amach
- Próiseáladh na sonraí pearsanta go mídhleathach
- Is gá go scriosfaí na sonraí pearsanta chun cloí le ceanglas dlíthiúil

## 14. Iniomparthacht

Tá sé de cheart agat go mbogfaí nó go n-aistreofaí cóip de do chuid sonraí atá inrochtana go héasca agus ar féidir a léamh le hinneall chuig rialaitheoir sonraí eile áit a bhfuilimid ag próiseáil do chuid sonraí bunaithe ar do thoiliú[16].

## 15. Teagmháil

Má bhíonn ceist ar bith agat faoi phróiseáil do chuid sonraí pearsanta le haghaidh na gcuspóirí atá leagtha amach thuas nó más mian leat iarratas a dhéanamh i leith do chuid ceart, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana ag access@mie.ie.

Más mian leat gearán a dhéanamh nó ábhar a fhormheádú i ndáil le do chuid ceart is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Chomhlíonadh GDPR agus Cháilíocht ag dataprotection@mie.ie

Sa deireadh, mura bhfuil tú sásta le heolas ar bith a thugamar duit maidir le do chuid sonraí a phróiseáil is féidir leat freisin gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí tríd an nasc ar a láithreán gréasáin - Gearán a Dhéanamh leis an DPC.

## 16. Cáipéisí Gaolmhara

16.1 Beartas PríobháideachaisMIE

16.2 Toiliú maidir le Faisnéis Mhíchumais a Nochtadh agus a Roinnt

16.3 An Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais

16.4 An Beartas um Chosaint Sonraí

16.5 Daoine faoi Mhíchumais a Fhostú

16.6 Beartas Cóiríochta DARE

16.7 An Beartas maidir le Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí

16.8 Beartas Meantóireachta le haghaidh Mac Léinn ar Shocrúchán Scoile

16.10 Beartas Chóras na dTeagascóirí

16.11 Nós Imeachta an Chórais Teagascóirí

16.12 Beartas Meabhairshláinte

16.13 An Beartas um Bainistíocht Taifead